Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2025
(OR. en)

15512/25

LIMITE

COPEN 349
DROIPEN 139
JAI 1702
ENV 1235
RELEX 1496
COSCE 12

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0243(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil<br>— Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/2170[1], d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht faoi choinbhinsiún maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiún sin.

2. Rinne an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhar leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (Meitheal COPEN).

[1] Cinneadh (AE) 2023/2170 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2023 lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin (IO L, 2023/2170, 16.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2170/oj).

3. Tar éis an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích go rathúil, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil ('an Coinbhinsiún maidir le Coireacht Chomhshaoil') an 14 Bealtaine 2025. Tá sé beartaithe an Coinbhinsiún maidir le Coireacht Chomhshaoil a oscailt lena shíniú an 3 Nollaig 2025.

4. An 29 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le Coireacht Chomhshaoil.[2]

5. Tá an dréachtchinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 83(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de.

6. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus thug sé tuairim uaidh an 22 Meán Fómhair 2025[4].

7. Phléigh Meitheal COPEN an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 15 Meán Fómhair, an 3 Deireadh Fómhair agus an 7 Samhain 2025. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil[5], thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs ar an leibhéal teicniúil[6].

8. Ina dhiaidh sin, rinne na dlítheangeolaithe athbhreithniú ar théacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle agus ar na haistriúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Coireacht Chomhshaoil. Leagtar amach an téacs, mar a d'athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é, in 15294/25 (dréacht-Chinneadh ón gComhairle) agus in 15396/25 (Coinbhinsiún maidir le Coireacht Chomhshaoil).

9. Ba cheart an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh anois, in am do shearmanas sínithe an Choinbhinsiúin maidir le Coireacht Chomhshaoil.

---

[2] 11314/25 + ADD 1.

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

[4] IO C […], […], lch. […] *(Tuairim 25/2025 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí)*

[5] 15322/25 + REV 1.

[6] 15322/1/25 REV 1 ADD 1.



PUBLIC

## II. CONCLÚID

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) comhaontú maidir le téacs an Chinnidh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 15294/25 é, a dhearbhú;

   (b) téacs an Choinbhinsiúin maidir le Coireacht Chomhshaoil, mar a leagtar amach in 15396/25 é, a dhearbhú;

   (c) a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 15294/25 é, a ghlacadh trí mhír 'A' ag ceann de na chéad chruinnithe eile a bheidh aici.

PUBLIC